BHUEL!

Iúil 2016

Eagarthóir: Nuala de Búrca

Ionad na Gaeilge Labhartha

Clár:

1 Cluiche Ceannais Iomána na Mumhan 1916
5 Iomáint Christy
6 An rud is annamh is iontach
7 Comórtas
7 Blúiríní
8 Fillte Aríst

Cluiche Ceannais Iomána na Mumhan 1916
le Seán Ó Cáinte

Is díol suntais go raibh rath ar chumainn faoi leith cois Laoi an uair sin; na Réamonnaigh agus na Seamróga cuir i gcás. Is cumainn bheaga anois iad, áfach. Bhain na Seamróga féin cluiche ceannais an chontae amach i 1916 ach chailleadar le cúilín amháin in aghaidh Mhainistir na Corann. D'éirigh leis na Réamonnaigh craobh Chorcaí a thabhairt leo 5 huaire mar aon le Craobh na hÉireann (1892). B'é imreoir na Réamonnach, Connie Sheehan, an captaen ar Chorcaigh i 1915 nuair a chailleadar i gcoinnibh Laoise. Ardimreoir ab ea é siúd.

1

Tugann Seán Beecher le fios sa leabhar, **The Blues – St Finbarrs of Cork** (1984), gur imríodh cluiche craoibhe iomána cois Laoi lá roimh an Éirí Amach idir Cumann Barra Naofa is an Charraig Dhubh.

'That this game was played is possibly indicative of the mood of the people at the time. ' (lch. 117)

Deir Jim Cronin, **Munster GAA Story** (1986), gur tháinig athrú meoin de réir a chéile

'After the Rising many Gaels were arrested or imprisoned while others had to go on the run. … There was a temporary respite at the end of the year when many of those arrested or interned were released.' (lch. 103)

Bhí cluiche ceannais na craoibhe ann ar 21 Eanáir 1917 ach sin scéal eile.

Sa leabhar **Tipperary's G.A.A. Story** (1960) leis an gCanónach Philip Fogarty, deir sé go raibh an contae suaite go maith:

"In the rounding up of gaels that followed the Rebellion, Willie Benn, T.F. Rodgers, Tipperary, D.P. Walsh, Fethard and some others were sent across the channel to prison cells in Glasgow. At home several others had to roam the hills. By the end of the year, Tipperary county was a hot-bed of revolution and soldiers returning from the European fronts were held up and dispossessed of their rifles." (lch. 206)

Seo blaiseadh de roinnt d'imreoirí móra 1916:

Seán óg Ó Murchú

Thuill an Murchúch clú is cáil dó féin mar imreoir. Chaith sé tamall fada ag imirt do Chorcaigh (1912-28). Chuaigh imreoirí móra na Carraige Duibhe dála Steva Riordan i bhfeidhm air, deir Tim Horgan. Nuair a bhí cluiche ceannais na Mumhan faoi lán tseoil i 1916 bhí air an gort a fhágaint de bharr go raibh a ghualainn gortaithe.

'Dan Kelleher of Shamrocks, Shanbally, came on as a sub. That injury was to trouble Seán for many years.' (Cork's Hurling Story, 1977, lch. 44 Horgan)

Deartháir ab ea Dan Kelleher do Frank a d'imir do Chorcaigh sna cluichí ceannais i 1919 is 1920. Imreoirí láidre cumasacha a bhí iontu beirt, dar le John Twomey.

Bhí beirt as Collegians (UCD), J. Hassett is Seán Hyde, ar fhoireann Chorcaí i 1916, ach ait an rud é bhí Hyde ag imirt do Bhaile Átha Cliath i 1919 nuair a bhí an lá le Corcaigh.

Tadhg de Nógla

Ardimreoir do Chorcaigh ab ea Tim Nagle. Cailleadh é is gan é ach 33 bliana d'aois i 1925, áfach, agus tá sé curtha i gCill an Mhuilinn. Gabha ab ea é. Bhí a chumann féin, St Mary's, suite ar an dtaobh ó thuaidh den chathair. Is suimiúil an rud é go mbíodh an Ghaolainn á labhairt i measc lucht an Pharóiste Thuaidh an tráth sin.

An Bóthar Leathan-Dumha Aille

Níor tugadh an Bóthar Leathan-Dumha Aille ar an gclub go dtí 1912 ach faoi mar a tharla i gcás na Réamonnach cois Laoi níorbh fhada ina dhiaidh sin gur chuireadar a mbó thar abhainn. Thug an Bóthar Leathan- Dumha Aille craobh Thiobraid Árann leo i 1915 is Johnny Leahy in ard a réime. Thugadar craobh 1916 leo leis nuair a fuaireadar an ceann ab fhearr ar 'chúnna Thuaim Uí Mheára'.

Maidir le muintir Uí Laocha, bhí Johnny, Paddy, Mick agus Tommy ann. Bhuaigh Mick Leahy craobh lena chontae dúchais (1916) is dhá cheann (1928, 1931) le Corcaigh, ambaist.

Bhí Johnny Leahy féin ina chaptaen mór le rá is bhí cáil thar na bearta ar a dheartháir Paddy mar bhainisteoir sárchliste, dar ndóin.

Scéal an chluiche

Bhuaigh Tiobraid Árann ar Chiarraí 4-2 v 0-1, ar Luimneach, 4-4 v 2-4, is bhuaigh Corcaigh na ngeansaithe gorma ar Phort Láirge 6-1 v 3-2.

Sa saothar **Tipperary's G.A.A. Story** leis an gCanónach Philip Fogarty (1960) faightear blaiseadh des na cluichí:

'In their first appearance as custodians of Tipperary's honour, the Boherlahan men took the field in the caps and colours – the well known blue and gold of their invincible predecessors of Tubberadora – safely stored since '98 to await this big occasion. Unequal to the task, Kerry hurlers walked off the grounds in a shower of rain.'

'The Tipp.-Limerick semifinal was in Dungarvan. Though the Tipps. were minus the Toom contingent who refused to assist them, the county was seldom represented by a more dashing combination and never by a better one. After a fiery, brilliant display of classic hurling the famous Keane – Hough – Lanigan battle line was broken with the verdict: Tipperary 4-4, Limerick 2-4.'

'Ballagh pipers accompanied the Tipps. to the same venue for the final with Cork. Crowds awaited the struggle – the Association was thriving on foreign opposition. Quietly confident, but ever ready for a Tipperary surprise, would express the bulk of Southern opinion on the

game. The surprise came; the same absolute fearlessness, and the same forcible driving that flattened Limerick, flattened the Leesiders to the tune of 5-0 to 1-2.'

(lch. 208)

Slad a bhí ann i ndeireadh na dála.

Deir Jim Cronin: 'The final also took place in Dungarvan. An immense crowd witnessed the contest. Tipperary were the clear winners over Cork 5-0 to 1-2.'

Ina dhiaidh sin d'éirigh le Tiobraid Árann an Ghaillimh a chloí go fuirist is na Cait a shárú 5-4 v 3-2 sa chluiche ceannais ar 21 Eanáir 1917.

'The wistle sounded a sad note for Tullaroan, and a proud day for Boherlahan.' (209)

Seanfhondúir ab ea Denis Walsh (Tiobraid Árann) faoin dtráth sin de bharr gur bhuaigh sé craobh na hÉireann sa bhliain 1895 is aríst i 1916, gan amhras.

Iomáint Christy

"Cad a cheapfadh Christy an Chamáin?"

Is dócha go bhfuil an grianghraf stairiúil de Christy Ring is é ag cur fola is bindealán ar a cheann, feicithe ag cách faoin dtráth seo. *Fuil agus Bindealáin* a thugtar ar an ngrianghraf úd. Tógadh an griangraf ag cluiche ceannais na Mumhan sa bhliain 1952 agus tá cúpla cara agam, a bhí i láthair ag an gcluiche sin. Is Gaeilgeoirí iad anois ach ba bhuachaillí óga iad ag an am agus bristí gearra á gcaitheamh acu! Is cuimhin leo Christy Ring. Ba laoch na himeartha é an lá céanna. Is léir go raibh difríocht suntasach idir eachtraí na páirce an lá sin agus iomáint Chorcaí i nDúrlas Éile le déanaí. Tá trua agam dos na himreoirí, pé scéal é, mar níl aon dabht ach go bhfuil siad sciliúil agus aclaí ar nós na bhfoirne eile ach níor éirigh leo ar an lá mór. Dar leis na saineolaithe CLG, cloíonn Corcaigh le hiomáint thraidisiúnta cé nach bhfuil an stíl sin oiriúnach a thuilleadh, faraor. An bhfuil an ceart acu? Cad a cheapfadh Christy an Chamáin? Bheadh cúpla focal le rá aige, go deimhin!

Eiís Uí Bhriain

An rud is annamh is iontach

Bíonn díomá orm go minic, mar léitheoir, nuair a fhéachaim ar chláracha teilifíse nó ar scannáin atá bunaithe ar shraith leabhar. Mar sin, nuair a chonac blaisín den tsraith *Game of Thrones* ar HBO sé bliana ó shin, bhíos in amhras láithreach ach toisc go mbíonn cláracha de chuid HBO ar ardchaighdeán, de ghnáth, bhí orm féachaint air. Baineadh geit mhór asam nuair a chonac an chéad sraith. Chloígh an tsraith le scéal an leabhair go hiomlán, nach mór, is bhí teanga labhartha an leabhair le clos. Bhí an tsraith an-dílis ar fad don leabhar. Ba é an éacht is mó, dar liomsa, ná an léiriú ar *Winterfell*, an caisleán mór millteach. Shamhlaíos caisleán díreach mar sin, nuair a bhí an leabhar á léamh agam.

Níl aon teora leis an tsraith ó shin, gam amhras. Tá caighdeán na haisteoireachta chomh hard. Is breá liom scéal na gcarachtar a leanúint i ndiaidh dom bheith ag léamh fúthu leis na blianta. Tá siad chomh fiáin is láidir, Tyrion, go háirithe. Ní gá na leabhair a léamh chun súp a bheith as an tsraith seo, dar nóin. Is iad na téamaí is suimiúla ná airgead, cumhacht agus grá. Is faoiseamh iontach ó bhrú an tsaoil é *Westeros*, tír na sraithe seo. Bead ag súil go mór leis an gcéad leabhar eile, leis an gcéad sraith teilifíse eile agus le leagan Gaeilge den chéad leabhar sa tsraith *A Song of Ice and Fire,* leis. Is é an teideal a bheidh air ná *Cluiche na Corónach*. Ní fada uainn iad le cúnamh Dé!

Eimear Ní Aonasa

Comórtas

Cén contae ina bhfuil an áit seo?

€20 an duais!

Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie faoin 14 Iúil 2016.

Blúiríní

Fabhalscéalta do Leanaí:
http://www.nuigalway.ie/acadamh/fabhalscealta/fabhalscealta.html

Leanaigí an Duinníneach ar Twitter:
https://twitter.com/AnDuinnineach

Oíche Fhéile Eoin:
http://www.gaois.ie/blg/ga/oiche-fheile-eoin/

Comórtas Grianghrafadóireachta:
http://tuairisc.ie/comortas-grianghrafadoireachta-an-samhradh-sa-ghaeltacht-ta-bhur-bpictiuir-uainn/

Cúrsa Iriseoireachta

Ionad na Gaeilge Labhartha

Ag tosnú go luath

Breis eolais:
s.olaoi@ucc.ie

Fillte Aríst

D'fhill an séimhiú le déanaí,

Ar phub cáiliúil Chorcaí,

Bhí sé díbeartha le stáir,

Bhí sé fágtha ar lár,

Ach throid sé go dian,

Bhí sé cróga is bhí sé fiáin,

Tá sé thar n-ais ar a sheanléimt aríst,

Nach sinne atá sásta, nach sinne atá ar bís!

Déiseach Dílis